Our World IRISH AID AWARDS

Irish Aid
An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála
Department of Foreign Affairs and Trade

IRIS LÁN LE SPRAOI DO LEANAÍ!

Cúnamh Éireann – Clár Oifigiúil Chúnamh Coigríche na hÉireann

# AG ATHRÚ ÁR nDOMHAIN

## GRADAM CHÚNAMH ÉIREANN ÁR nDOMHAN 2018



# FÁILTE ISTEACH!



Is do leanaí an iris seo, agus tá súil againn go mbainfidh tú taitneamh as!

Gheobhaidh tú eolas úsáideach agus smaointe istigh ann chun cabhrú leat le do thionscadal 'Gradaim Ár nDomhan Chúnamh Éireann'.

Is é an téama atá ar Ghradaim na bliana seo:

**AG ATHRÚ ÁR nDOMHAIN**

Ó bhí an bhliain 2000 ann, tá tíortha ar fud an domhain, Éire ina measc, ag obair le chéile trí na Náisiúin Aontaithe, chun dul i ngleic le bochtaineacht agus chun an timpeallacht a chaomhnú.

Bhí torthaí iontacha ag an obair seo: laghdaíodh an líon daoine atá fíorbhocht le 50%, tá beagnach dhá oiread leanaí ag fáil oideachais, agus ag leibhéal domhanda tá níos lú coillte á ngearradh anuas. ACH tá fós cuid mhór fadhbanna inár ndomhan.

San iris seo, gheobhaidh tú amach faoin mbealach ar féidir leis na Spriocanna Domhanda um Fhorbairt Inbhuanaithe atá ag na Náisiúin Aontaithe ár ndomhan a athrú, trínár bpláinéad a chaomhnú agus trí thodhchaí níos fearr a chruthú do gach duine.

Léifidh tú freisin faoin ról atá ag Éirinn, trí Chúnamh Éireann, chun na Spriocanna Domhanda a bhaint amach trí chabhrú le leanaí agus lena dteaghlaigh an bhochtaineacht a shárú.

Bíodh spraoi agat leis na hailt, leis na scéalta, leis na pictiúir agus leis na puzail san iris seo, agus faigh smaointe iontacha do thionscadail 'Gradam Chúnamh Éireann Ár nDomhan 2018'!

# CLÁR

3 . . . . . . . . . . . . **Cad is Cúnamh Éireann ann?** - Tasc litearthachta

4 . . . . . . . . . . . . **An Chumhacht lenár nDomhan a Athrú** - Tasc smaointeoireachta ar an todhchaí

5 . . . . . . . . . . . . **Spriocanna Domhanda um Fhorbairt Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe** - Tasc Meaitseála

6-7 . . . . . . . . . . . . **Tíortha Páirtíochta Chúnamh Éireann** - Cuardach Focal

8-10 . . . . . . . . . . . . **An Scoil i mBosca** - Cás-staidéar agus tascanna faoi thionscadal lena dtacaíonn Cúnamh Éireann

10 . . . . . . . . . . . . **'Focail agus Gealltanais go Fíor-athrú'** - Tasc faoin ról atá againn chun ár ndomhan a athrú

11 . . . . . . . . . . . . **Gradam Chúnamh Éireann Ár nDomhan** - Conas páirt a ghlacadh

12 . . . . . . . . . . . . **Ceardlanna Chúnamh Éireann do Leanaí Bunscoile**

Tá an iris seo do leanaí bunscoile curtha le chéile ag Cúnamh Éireann do Ghradam Chúnamh Éireann Ár nDomhan 2018. Eagraíonn Real Nation na Gradaim seo ar son Chúnamh Éireann ag an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála.

# CAD IS CÚNAMH ÉIREANN ANN?

Is ionann Cúnamh Éireann agus clár cúnaimh Rialtas na hÉireann chun troid in aghaidh bhochtaineacht an domhain ar son phobal na hÉireann.

Tá 8 dTÍR PHÁIRTÍOCHTA ag Cúnamh Éireann: an Aetóip, an Mhaláiv, Mósaimbíc, Siarra Leon, an Tansáin, Uganda agus an tSaimbia san Afraic, agus Vítneam san Áise, agus oibríonn sé leis na tíortha seo chun cabhrú leis na teaghlaigh is boichte a saol a fheabhsú.

Tugann Cúnamh Éireann maoiniú d'eagraíochtaí cúnaimh ar nós Concern Worldwide, Trócaire, Gorta Self-Help Africa, International Red Cross, Oxfam, Plan, Save the Children, UNICEF, World Vision, agus roinnt mhór eile, agus iad ag obair in 80 tír ar fud an domhain.

Oibríonn Cúnamh Éireann le rialtais agus le heagraíochtaí cúnaimh chun an timpeallacht a chaomhnú, chun níos mó bia a fhás, chun poist a chruthú, chun scoileanna agus ospidéil srl. a thógáil le go dtiocfaidh feabhas ar shaol daoine i bpobail atá bocht. Tugtar **cúnamh forbraíochta** air seo.

Nuair a bhíonn tubaiste ann, cuireann Éire cúnamh ar fáil láithreach, cosúil le leigheas, pubaill agus bia a thabhairt do dhaoine atá ag fulaingt mar gheall ar chogadh, ar thuile, ar chrith talún, nó ar hairicín srl. Tugtar **cabhair dhaonnúil** uirthi seo.

**IS CEANNAIRE DOMHANDA Í ÉIRE SA TROID IN AGHAIDH NA BOCHTAINEACHTA**

Bí bródúil – tá clár Chúnamh Éireann na hÉireann ar cheann de na cláir chúnaimh is fearr ar domhan!

Tá Éire ag obair go dian le tíortha eile chun na Spriocanna Domhanda um Fhorbairt Inbhuanaithe atá ag na Náisiúin Aontaithe (féach leathanach a 5) a bhaint amach agus chun ár ndomhan a athrú trí throid in aghaidh na bochtaineachta agus trínár dtimpeallacht a chaomhnú.



**7.5 BILLIÚN**
**AN LÍON DAOINE AR DOMHAN INNIU**


#

**114 MILLIÚN**
duine óg nach bhfuil scileanna bunúsacha léitheoireachta agus scríbhneoireachta acu

**61 MILLIÚN**
leanbh nach bhfuil ar scoil ag leibhéal na bunscolaíochta

**767 MILLIÚN DUINE**
FAOI FHÍOR-BHOCHTAINEACHT AGUS IAD BEO AR NÍOS LÚ NÁ €2.20 IN AGHAIDH AN LAE

**21 MILLIÚN DUINE**
ar fud an domhain ina ndídeanaithe




## FÉACH AR AN LÉARSCÁIL THUAS. AN bhFEICEANN TÚ NA 8 dTír PHÁIRTÍOCHTA ATÁ AG ÉIRINN?

Tá dath BÁNDEARG ar na tíortha seo ar an léarscáil seo. Tá seacht gcinn de na tíortha páirtíochta san Afraic agus ceann amháin acu san Áise.

Scríobh ainmneacha na n-ocht dtír pháirtíochta in ord aibítre. Chun cabhrú leat, tá ainm na chéad tíre líonta isteach againn duit.

1) an Aetóip
2) ______
3) ______
4) ______
5) ______
6) ______
7) ______
8) ______

# AN CHUMHACHT LENÁR nDOMHAN A ATHRÚ



*Ní gá draíocht a bheith againn leis an domhan a athrú, nó is ionainn an chumhacht cheana: tá an chumhacht againn chun rud níos fearr a shamhlú.*

*– J.K. Rowling, údar Harry Potter, ina hóráid le céimithe Ollscoil Harvard, 2008*

Bhí J.K. Rowling ag labhairt faoin gcumhacht atá ionainn ar fad comhbhá a bheith againn, chun 'walk in the shoes of another', nó chun samhlú gur in áit nó i saol duine eile atáimid.

**BAIN ÚSÁID AS NA SCAMAILL CHUN SCRÍOBH NÓ CHUN PICTIÚR A THARRAINGT DE NA FADHBANNA NÓ DE NA DÚSHLÁIN IS MÓ ATÁ AG DAOINE AGUS AG AN BPLÁINÉAD FAOI LÁTHAIR.**





Bíonn tionchar againn ar ár gcairde agus ar ár dteaghlaigh díreach toisc go bhfuilimid beo. Smaoinigh faoi na bealaí ar féidir linn an domhan a athrú – an timpeallacht agus saol daoine ar fud an domhain – dá mbainfimis úsáid as an gcumhacht atá againn rud níos fearr a shamhlú!

**BAIN ÚSÁID AS AN MBOLGÁN SOLAIS CHUN SCRÍOBH NÓ CHUN PICTIÚR A THARRAINGT DEN CHUMA A BHEADH AR DHOMHAN ATÁ ATHRUITHE CHUN FEABHAIS.**

**CONAS A BHEADH DO SHAOL FÉIN, SAOL NA NDAOINE A BHFUIL AITHNE AGAT ORTHU, AGUS SAOL DAOINE NÁR BHUAIL TÚ RIAMH LEO? CONAS A BHEADH AN DOMHAN FÉIN, NA CRAINN, NA HÉIN, NA HAINMHITHE, AN FHARRAIGE, AGUS NA LOCHANNA SA DOMHAN ATHRAITHE SEO?**



# NA SPRIOCANNA DOMHANDA UM FHORBAIRT INBHUANAITHE

Sa bhliain 2015, d'aontaigh na Náisiúin Aontaithe ar 17 Sprioc Dhomhanda um Fhorbairt Inbhuanaithe chun dul i ngleic leis na fadhbanna is tromchúisí ar domhan, amhail an bhochtaineacht agus an t-ocras, an éagóir agus damáiste don timpeallacht.

An sprioc atá leis na Spriocanna Domhanda seo ná ár ndomhan a athrú chun go dtugtar aire don timpeallacht agus go mbíonn saol níos fearr ag gach duine ar fud an domhain.

Gheall 193 tír, Éire ina measc, bheith ag comhoibriú leis na Spriocanna seo a bhaint amach faoin bhliain 2030.

Cá mhéad bliain atá fágtha sula mbeidh an bhliain 2030 ann? Cén aois a bheidh tú sa bhliain 2030?

## SCRÍOBH AN UIMHIR CHEART Ó THÉACS GACH SPRIOC DOMHANDA AR AN LÓGÓ CEART DON SPRIOC SIN

- [ ] **1.** Deireadh a chur leis an mbochtaineacht
- [ ] **2.** Deireadh a chur leis an ocras
- [ ] **3.** A chinntiú gur féidir le gach duine saol folláin a bheith acu
- [x] **4.** A chinntiú go mbíonn oideachas maith ag gach duine
- [ ] **5.** A chinntiú go mbíonn na deiseanna céanna ag mná agus ag cailíní agus atá ag fir agus ag buachaillí
- [ ] **6.** A chinntiú go mbíonn fáil ag gach duine ar uisce glan agus ar leithreas ceart
- [ ] **7.** A chinntiú go mbíonn go leor teasa, solais agus cumhachta ag gach duine, gan dochar a dhéanamh don timpeallacht
- [ ] **8.** Cuidiú le tíortha forbairt agus poist mhaithe a sholáthar ar bhealach a chabhraíonn le gach duine
- [ ] **9.** Scoileanna, ospidéil agus bóithre a thógáil, agus gnólachtaí agus tionscail a dhéanann saol daoine níos fearr a chur chun cinn
- [ ] **10.** A chinntiú go gcaitear go cothrom le gach duine, agus go gcaitheann tíortha go cothrom lena chéile
- [ ] **11.** A chinntiú nach ndéanann cathracha dochar don timpeallacht agus gur áiteanna sábháilte iad inár féidir le daoine cónaí go sona iontu
- [ ] **12.** A chinntiú nach gceannaímid an iomarca rudaí ionas nach n-úsáideann muid acmhainní uile an domhain
- [ ] **13.** Gníomhú anois chun dul i ngleic leis an athrú aeráide
- [ ] **14.** Aire a thabhairt don bheatha inár n-aigéin agus inár bhfarraige
- [ ] **15.** Aire a thabhairt don fhoraois, do na hainmhithe agus, agus don domhan féin
- [ ] **16.** A bheith ag obair ar son na síochána agus an cheartais taobh istigh díobh agus idir thíortha
- [ ] **17.** Tíortha a bheith ag comhoibriú le chéile chun na Spriocanna Domhanda a bhaint amach agus chun an domhan a fheabhsú do gach duine




### FÉACHAIMIS BEAGÁN NÍOS GAIRE AR CHUID DE NA SPRIOCANNA DOMHANDA

- Cén fáth, dar leat, a n-úsáidtear leabhar agus peann luaidhe ar lógó Sprioc 4?
- An féidir leat smaoineamh ar aon nasc idir Sprioc 4 agus Sprioc 5?
- Ainmnigh rud amháin a dhéanann tú cheana féin chun Sprioc 7 a bhaint amach.
- An féidir leat smaoineamh ar aon nasc idir Sprioc 7 agus Spriocanna 12 agus 13?
- Ainmnigh bealach amháin ar féidir Sprioc 4 a bhaint amach trí Sprioc 7 a bhaint amach.
- Baineann Sprioc 17 le tíortha ag obair le chéile leis na Spriocanna eile a bhaint amach agus lenár ndomhan a athrú ionas go dtugtar aire don timpeallacht agus go mbíonn saol níos fearr ag daoine ar fud an domhain. An féidir leat smaoineamh ar cúpla fáth ar rud maith é bheith ag obair le chéile?

# NA hOCHT dTÍR PHÁIRTÍOCHTA ATÁ AG CÚNAMH ÉIREANN

Ar dtús, aimsigh na hocht dtír pháirtíochta atá ag Cúnamh Éireann ar an léarscáil ar leathanach 3.
Ansin, bain úsáid as an eolas ar an leathanach seo leis an gcuardach focal ar thíortha páirtíochta Chúnamh Éireann a líonadh ar an gcéad leathanach eile.

## AN AETÓIP

**Láthair:** An Afraic Thoir

**Príomhchathair:** Addis Ababa

**Daonra:** 99 milliún

**Ionchas Saoil:** 65 bliain

D'oibrigh Cúnamh Éireann le Rialtas na hAetóipe chun cabhrú le daoine a d'fhulaing mar gheall ar thriomach (easpa báistí) – sa bhliain 2016, cuidíodh le deich milliún Aetópach fáil a bheith acu ar uisce glan.

**Fíric:** Sa bhliain 2013, aimsíodh cnámh géill duine a bhí 2.5 milliún bliain d'aois agus cúig fhiacail 250km soir ó thuaidh ó Addis Ababa. Tá na hiontaisí seo ar na hiarsmaí daonna is sine a aimsíodh riamh.

## SIARRA LEON

**Láthair:** An Afraic Thiar

**Príomhchathair:** Freetown

**Daonra:** 6 milliún

**Ionchas Saoil:** 51 bliain

Tugann Cúnamh Éireann tacaíocht do theaghlaigh a raibh tionchar ag Ebola orthu, an galar víreasach a mharaigh beagnach 4,000 duine i Siarra Leon 2014-2015. Mar gheall ar an tacaíocht seo, bhí fáil ag níos mó ná míle teaghlach ar sheirbhísí sláinte agus cothaithe sa bhliain 2016.

**Fíric:** Tá cónaí ag 220 speiceas difriúil éan i bPáirc Náisiúnta Outamba Kilimi, atá thart ar 300km soir ó Freetown.

## AN tSAIMBIA

**Láthair:** Deisceart na hAfraice

**Príomhchathair:** Lusaka

**Daonra:** 16 milliún

**Ionchas Saoil:** 61 bliain

Tugann Cúnamh Éireann tacaíocht do chailíní as an tSaimbia chun tosú agus fanacht ar an scoil - sa bhliain 2016, an toradh a bhí aige seo ná go raibh 1,844 níos mó cailíní ar mheánscoil sa tSaimbia.

**Fíric:** Tá Eas Victoria sa tSaimbia ar cheann de sheacht n-iontas nádúrtha an domhain. Mar gheall ar an gcáitheadh a thagann ó Eas Victoria, bíonn 'báisteach' ann san fhoraois cóngarach leis, 24 uair in aghaidh an lae, 7 lá sa tseachtain.

## AN MHALÁIV

**Láthair:** An Afraic Thoir Theas

**Príomhchathair:** Lilongwe

**Daonra:** 17 milliún

**Ionchas Saoil:** 64 bliain

Tá Cúnamh Éireann ag cabhrú le leanaí beaga go leor bia maith a fháil chun gur féidir leo forbairt agus bheith sláintiúil - mar gheall ar an gcabhrú seo, d'ísligh an líon leanaí faoi chúig bliana d'aois a raibh drochshláinte agus drochfhorbairt acu mar gheall ar easpa bia maith le 10% idir 2010 agus 2016.

**Fíric:** Tá níos mó speicis iasc ag Loch na Maláive ná aon loch eile ar domhan. Thug David Livingston, an taiscéalaí cáiliúil, 'loch na réaltaí' ar Loch na Maláive mar gheall ar an oiread báid iascaireachta a bhí amuigh san oíche agus laindéar ar cheann an bháid acu




## VÍTNEAM

**Láthair:** An Áise Thoir Theas

**Príomhchathair:** Hanáí

**Daonra:** 93 milliún

**Ionchas Saoil:** 76 bliain

Chabhraigh Cúnamh Éireann le daoine atá faoi mhíchumas post níos fearr a fháil chun gur féidir leo tacaíocht níos fearr a thabhairt dóibh féin is dá dteaghlaigh - agus an cabhrú seo acu, d'éirigh le 400 duine as Vítneam atá faoi mhíchumas post nua a fháil, nó coinníollacha oibre níos fearr a bhaint amach, sa bhliain 2016.

**Fíric:** Tá Vítneam ar an easpórtálaí is mó cnónna caisiú agus piobar dubh.

## MÓSAIMBÍC

**Láthair:** An Afraic Thoir Theas

**Príomhchathair:** Mapútó

**Daonra:** 28 milliún

**Ionchas Saoil:** 55 bliain

Chabhraigh Cúnamh Éireann le feirmeoirí dul i dtaithí ar an athrú aeráide trí oiliúint a sholáthar ar bhealaí nua feirmeoireachta agus síolta a sholáthar ar phraghas réasúnta, atá in ann maireachtáil trí thriomach (easpa báistí) - mar gheall ar an gcabhrú seo tá feirmeoirí in ann a dteaghlaigh a chothú ar bhealach níos fearr, agus in ann an lámh in uachtar a fháil ar an athrú aeráide.

**Fíric:** Tá Páirc Náisiúnta Gorongosa, atá i Mósaimbíc láir, ar cheann de na tearmainn fhiadhúlra is saibhre ar domhan.

## UGANDA

**Láthair:** An Afraic Thoir

**Príomhchathair:** Kampala

**Daonra:** 39 milliún

**Ionchas Saoil:** 59 bliain

Chabhraigh Cúnamh Éireann le mná as Uganda foghlaim faoina gcearta dlí maidir le talamh a fháil le hoidhreacht. Ciallaíonn sé seo go mbíonn a fhios ag mná an dóigh a n-oibríonn an Dlí Talún agus gur féidir leo comhairle dlí a fháil chun a chinntiú go gcaitear mar is ceart lena gcearta talún.

**Fíric:** Tá cónaí ar an ngoraille sléibhe (atá go mór faoi bhagairt an díothaithe) in Uganda.

## AN TANSÁIN

**Láthair:** An Afraic Thoir

**Príomhchathair:** Dodoma (Dárasalám an chathair is mó)

**Daonra:** 53 milliún

**Ionchas Saoil:** 65 bliain

Thacaigh Cúnamh Éireann le fir páirt níos mó a ghlacadh i dtógáil a bpáistí trína mhúineadh dóibh faoin tábhacht a bhaineann le haiste bia atá maith agus ilchineálach, agus trína spreagadh chun freastal ar choinní ar an gclinic sláinte lena mná céile.

**Fíric:** Is é Mt Kilimanjaro sa Tansáin an sliabh is airde san Afraic. Scríobhann daoine a bhaineann an mullach amach faoi conas a mhothaíonn siad agus cuireann siad a nótaí i mbosca adhmaid a choinnítear ag an mullach.

Statistics taken from Irish Aid Annual Report 2016

# CUARDACH FOCAL AR NA TÍORTHA PÁIRTÍOCHTA

| | | | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| C | A | O | G | A | A | C | Ú | I | G | D | R | T | S | B | A | F |
| G | D | L | M | U | V | A | D | U | T | I | U | D | C | Q | G | O |
| S | F | B | D | A | N | T | S | A | I | M | B | I | A | F | I | R |
| P | Q | Ó | H | I | C | B | L | N | P | B | F | G | I | P | M | R |
| T | L | G | E | S | F | T | H | Q | L | O | I | V | L | L | H | É |
| A | E | S | N | M | Ó | S | A | I | M | B | Í | C | Í | U | S | U |
| I | H | F | Q | U | B | M | H | B | V | B | D | T | N | R | N | B |
| P | S | I | H | M | S | C | I | I | N | P | C | S | Í | G | N | N |
| V | Í | T | N | E | A | M | Á | F | H | S | G | L | B | C | N | T |
| O | R | U | L | M | U | L | T | Q | A | B | D | E | O | M | L | H |
| T | P | C | O | I | A | M | F | N | Á | D | Ú | R | T | H | A | O |
| C | N | I | B | H | P | T | O | V | Q | I | V | P | H | A | N | I |
| A | R | B | M | I | Q | C | O | C | F | S | T | M | L | E | D | R |
| T | L | N | R | E | F | S | D | Ó | C | D | R | O | U | D | A | G |
| E | A | H | U | B | I | T | L | V | S | E | B | T | G | F | Ú | H |
| U | D | B | S | I | A | R | R | A | L | E | O | N | L | Q | C | B |
| A | N | G | O | R | A | I | L | L | E | S | L | É | I | B | H | E |

## LEIDEANNA

1. Tá an Aetóip san Afraic _ _ _ _.
2. Cén t-ainmhí atá i mbaol a chónaíonn in Uganda?
3. Tá Hanáí ina príomhchathair ar cén tír san Áise Thoir Theas?
4. Tá Eas Victoria ar cheann de 7 n-iontas _ _ _ _ _ _ _ _ an domhain.
5. Sa Tansáin, spreagann Cúnamh Éireann _ _ _ páirt níos mó a ghlacadh i dtógáil a bpáistí.
6. As na hocht dtír pháirtíochta atá ag Cúnamh Éireann, tá an t-ionchas saoil is lú ag S_ _ _ _ _ L _ _ _.
7. I Mósaimbíc, is í an mheánaois a mhaireann daoine ná c_ _ _ _ _ c_ _ _ bliain d'aois.
8. Tá 'loch na réaltaí' sa tír seo.
9. Le cabhrú ó Chúnamh Éireann, d'ardaigh an líon _ _ _ _ _ _ _ atá ag freastal ar an mheánscoil sa tSaimbia.
10. Tá Páirc Náisiúnta Gorongosa sa tír seo.
11. D'oibrigh Cúnamh Éireann leis an rialtas san Aetóip a raibh tionchar ag an _ _ _ _ _ _ _ _ orthu.
12. Tá Lusaka ina príomhchathair ar cén tír i nDeisceart na hAfraice?
13. In Uganda, chabhraigh Cúnamh Éireann le mná foghlaim faoina gcearta _ _ _ maidir le talamh a fháil trí oidhreacht.
14. Galar víreasach é _ _ _ _ _ a mharaigh beagnach 4,000 duine i Siarra Leon 2014-2015.



Iarr ar do mhúinteoir tráth na gceist boird ar thíortha páirtíochta Chúnamh Éireann a eagrú trí úsáid a bhaint as na háiseanna plean ceachta i roinn an mhúinteora ar shuíomh idirlín Ghradaim Chúnamh Éireann Ár nDomhan: **www.ourworldirishaidawards.ie**

Tá freagraí an chuardaigh focail ag bun leathanach 11.

# SÚIL AR MhÓSAIMBÍC




| | |
|---|---|
| **Teanga oifigiúil:** | An Phortaingéilis (i measc na dteangacha dúchasacha eile a labhraítear ann tá canúintí Bantúcha mar atá Xichangana) |
| **Bia coitianta:** | **ncima** - leite tiubh atá déanta as arbhar Indiach/ gránphlúr agus a itear le hanlainn déanta as torthaí, feoil, pónairí nó iasc<br>**matapa** – stobhach glasraí glasa, ina mbíonn breallaigh in anlann piseanna talún agus cnó cócó, de ghnáth |
| **Airgeadra:** | Metical Mósaimbíc (€1 = beagnach cothrom le 70 metical) |
| **Easpórtálacha:** | cloicheáin, cadás, cnónna caisiú, siúcra, cnónna cócó, bananaí, tobac, síolta seasamain, piseanna colúir agus adhmaid |
| **Aeráid:** | Trópaiceach le dhá shéasúr: séasúr fliuch ó mhí Dheireadh Fómhair go mí an Mhárta; agus, séasúr tirim ó mhí Aibreáin go mí Mheán Fómhair |

*Tír pháirtíochta Chúnamh na hÉireann ó bhí 1996 ann*

# Ag dul ar scoil i Mósaimbíc

De ghnáth i Mósaimbíc, tosaíonn leanaí ar scoil agus iad sé bliana d'aois. Is é an chéad chéim ar an mbunscoil i Mósaimbíc ná grád 1 go grád 5 (6 bliana - 11 bhliain d'aois). Is é an dara céim ná grád 6 agus grád 7 (12 bhliain - 13 bliana d'aois). Foghlaimíonn na páistí an Phortaingéilis, Mata, Eolaíocht Nádúrtha, Eolaíocht Shóisialta (Tíreolaíocht agus Stair), Corpoideachas agus Aeistéitic agus Oideachas Oibre (Ealaín, Dráma agus Ceol in éineacht le hOideachas Sláinte, Pearsanta, agus Sóisialta).

Idir 2000 agus 2015, bhí brú ann a chinntiú go raibh an deis ag páistí oideachas bunscolaíochta a fháil i Mósaimbíc. Bhí dul chun cinn nach beag ann ar an ábhar seo. Sa bhliain 2000, níor chríochnaigh ach 11% de leanaí as Mósaimbíc an bhunscolaíocht. Faoin bhliain 2014, d'ardaigh an céatadán seo go 45%. Ceann de na cúiseanna leis an bhfeabhsú seo ná go bhfuil an bhunscolaíocht saor i Mósaimbíc ó bhí 2003/2004 ann.

**DEONTÓIR IDIRNÁISIÚNTA:** rialtas nó eagraíocht taobh amuigh de Mhósaimbíc a chuireann airgead ar fáil do chláir a fheabhsaíonn saol daoine agus/nó an timpeallacht.

É sin ráite, áfach, tá fós go leor oibre le déanamh chun a chinntiú go dtosaíonn agus go bhfanann idir bhuachaillí agus chailíní ar scoil, agus go bhfaigheann siad oideachas maith. Tá Cúnamh Éireann ag obair go dian in éineacht le deontóirí idirnáisiúnta eile, le Rialtas Mósaimbíc, agus le heagraíochtaí cúnaimh (carthanachtaí) ar an talamh, chun dul i ngleic leis na fadhbanna atá fós sa chóras oideachais i Mósaimbíc.




Escola Primaria Completa De Guava Marracuene

Fiú agus an córas seisiúin i bhfeidhm i mBunscoil Guava, níl go leor seomraí ranga ann, agus tá na seomraí atá ann faoi láthair róbheag do ranganna ina mbíonn suas le 70 nó 80 dalta. Tá drochbhail ar chuid de na seomraí ranga, gan boird, dorais, ná fuinneoga. Is minic a bhíonn na ceachtanna taobh amuigh faoi scáth na gcrann. Tá roinnt téacsleabhar ag leanaí, ach is beag áiseanna atá ag na múinteoirí seachas clár dubh agus cailc.

## Bíodh súil níos géire againn ar scoil amháin i Mósaimbíc...

Is scoil mhór uirbeach í **Escola Primaria Completa De Guava Marracuene** (Bunscoil Guava) atá suite díreach taobh amuigh de phríomhchathair Mhósaimbíc, Mapútó.

Tá an scoil plódaithe le 5,400 dalta agus seachtó a trí múinteoir. Mar gheall go bhfuil líon mór daltaí ann i gcomparáid le líon na múinteoirí, tá an lá scoile roinnte ina dhá sheisiún. Bíonn ranganna ag daltaí sa chéad seisiún idir 6.30rn agus 10.50 rn ar maidin, agus tosaíonn an dara seisiún ar mheán lae agus críochnaíonn sé ar 4.30in.




Ceachtanna faoi scáth crainn

# AN SCOIL I mBOSCA

Tionscadal is ea é **An Scoil i mBosca** atá forbartha ag Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire (IADT), le tacaíocht agus le maoiniú ó Chúnamh Éireann, i gcomhpháirt le hAireacht Oideachais Mósaimbíc. Taobh istigh den 'bhosca' tá grianchealllra ann (ar féidir é a luchtú trí leictreachas príomhlíonra, trí ghrianphainéal, nó trí charr), grianphainéal, teilgeoir beag, agus iPad a bhfuil aipeanna oideachasúla air.

Is é an smaoineamh atá taobh thiar de An Scoil i mBosca ná go bhfaigheann múinteoirí oiliúint leis an teicneolaíocht a úsáid agus spreagtar iad bheith ag múineadh ar bhealach atá rannpháirtíoch, suimiúil, agus spraíúil do dhaltaí. Mar shampla, faigheann múinteoirí oiliúint leis an iPad a úsáid chun físeáin a thaifeadadh nó chun pictiúir a ghlacadh de rudaí ábhartha agus iad seo a úsáid agus iad ag teagasc na ndaltaí faoi fhocail nó faoi fhrásaí úra sna ceachtanna Portaingéilise. An phríomhsprioc atá ag tionscadal An Scoil i mBosca ná caighdeán an teagaisc agus na foghlama a fheabhsú i scoileanna, nuair a bhíonn easpa áiseanna oideachasúla agus/nó nuair is fadhb é soláthar leictreachais



# Buailimis le roinnt daltaí agus le múinteoir ó bhunscoil Guava




**Ó chlé go deis: Alzira Salomão, Roberto agus Coolela Sitoe**

Is muidne Roberto (10 mbliana d'aois), Alzira (9 mbliana d'aois) agus Coolele (9 mbliana d'aois). Táimid i nGrád 4 i mbunscoil Escola Primaria Completa De Guava Marracuene. Is iad na hábhair is fearr linn Mata agus an Phortaingéilis.

Tosaíonn an gnáthlá scoile le múscailt ar a 5rn, agus dul ar scoil uair an chloig ina dhiaidh sin. Táimid sa chéad seisiún, ó 6.30rn go 10.50rn. Tar éis na scoile, téimid abhaile, athraímid ár n-éadaí scoile, agus ithimid bricfeasta. Bímid ag súgradh go dtí am lóin, atá thart ar 3in. Déanaimid ár n-obair bhaile, breathnaímid ar an teilifís, agus bíonn cithfholcadh againn roimh am luí.

Anuraidh, agus muid i nGrád 3, bhí roinnt ceachtanna againn ar an bPortaingéilis agus ar an Eolaíocht Nádúrtha, ag baint úsáide as an iPad. Thaitin na pictiúir a thaispeáin an múinteoir dúinn go mór linn. Chabhraigh na pictiúir linn chun tuiscint níos fearr a bheith againn ar an rud a raibh an múinteoir ag caint faoi. Bhí am amháin ann gur inis an múinteoir scéal dúinn faoi iasc agus chabhraigh an pictiúr ar an iPad dúinn chun foghlaim. Cheap ár dtuismitheoirí freisin gur rud maith é an iPad. Is maith linn an scoil go mór, agus is breá linn rudaí nua a fhoghlaim. Ceapaimid go bhfuil an scoil iontach tábhachtach, mar is gá oideachas a bheith againn chun rath a bheith orainn sa saol.





Is mise Samuel Cumbane. Tá mé 35 bliain d'aois agus mise a chomhordaíonn an tionscadal **An Scoil i mBosca** in Escola Primaria Completa De Guava Marracuene. Ó bhí an bhliain 2015 ann, bhí oiliúint **An Scoil i mBosca** ag deichniúr múinteoirí, ina bhfaigheann siad amach faoin mbealach chun ceachtanna rannpháirtíochta a chruthú

**Samuel Cumbane, múinteoir i mbunscoil Guava, ag taispeáint an iPad do dhaltaí atá i ngrád 2**


## Samhlaigh gur féidir leat téacs a sheoladh chuig Alzira, Roberto agus Coolela

Is féidir suas le 160 carachtar (litreacha, uimhreacha agus spásanna) a bheith i do théacs. Thiocfadh leat ceist a chur orthu faoina saol (ar scoil nó sa bhaile) nó faoin tionscadal **An Scoile i mBosca**, rud éigin a insint dóibh faoi do shaol agus faoi na cosúlachtaí agus na héagsúlachtaí a bhaineann leis an scoil i Mósaimbíc agus in Éirinn, nó téacs a chur faoi rud éigin eile a bheadh suimiúil dóibh, dar leat...



Photographs on pages 8-9 courtesy of Guava Primary School and the Irish Embassy in Maputo, Mozambique

# GUAVA AGUS NA SPRIOCANNA DOMHANDA



Smaoinigh faoin méid atá foghlamtha agat ar Bhunscoil Guava i Mósaimbíc agus faoin tionscadal lena dtacaíonn Cúnamh Éireann, **An Scoil i mBosca**.

As na 17 Sprioc Domhanda um Fhorbairt Inbhuanaithe atá ag na Náisiúin Aontaithe, an féidir leat nasc a dhéanamh idir sin agus an tionscadal **An Scoil i mBosca**?

Tarraing pictiúr ar an gcás de na lógónna a cheapann tú a bhfuil baint acu leis an tionscadal **An Scoil i mBosca**, agus ansin bain úsáid as an mbua cruthaitheach atá agat chun an chuid eile den chás a dhearadh.

# "FOCAIL AGUS GEALLTANAS GO FÍOR-ATHRÚ"



Ar an 5 Bealtaine 2016, labhair an tUachtarán Micheál D. Ó hUiginn ag comhdháil i mBaile Átha Cliath, áit ar mhínigh sé gur rudaí bunathraitheacha iad na Spriocanna Domhanda um Fhorbairt Inbhuanaithe atá ag na Náisiúin Aontaithe. An rud a bhí i gceist aige ná, chun dul i ngleic le fadhbanna móra an domhain, is gá dúinn athsmaoineamh a dhéanamh ar an dóigh a gcaithimid ár saol. Dúirt sé gur gá dúinn bogadh "ó fhocail agus gealltanais go fíor-athrú".

Breathnaigh siar ar an ngníomhaíocht ar lch. 4 nuair a shamhlaigh tú go raibh domhan níos fearr ann. Smaoinigh ar na "athruithe fíora" is féidir leat a dhéanamh i do shaol - sa bhaile, ar scoil, i do phobal - chun cabhrú le daoine na Spriocanna Domhanda um Fhorbairt Inbhuanaithe a bhaint amach agus an domhan athraithe a shamhlaigh tú a fhíorú.

Scriobh do chuid smaointe ar an bprionta láimhe, gearr amach é agus cuir ar taispeáint é áit éigin a bhfeicfidh a lán daoine é. Ar an tslí seo, spreagfaidh do chuid smaointe daoine eile chun athruithe fíora a dhéanamh freisin.

# GRADAIM CHÚNAMH ÉIREANN ÁR nDOMHAN 2018

Ar mhaith leat tuilleadh a fhoghlaim faoi na Spriocanna Domhanda agus faoin dóigh a bhfuil Éire, trí obair Chúnamh Éireann, ag cabhrú lenár ndomhan a athrú trí shaol leanaí agus a dteaghlach a fheabhsú i gcuid de na tíortha is boichte ar domhan?

Faigh amach faoin mbealach chun páirt a ghlacadh i nGradaim Chúnamh Éireann Ár nDomhan. Is é téama na bliana seo ná:
**AG ATHRÚ ÁR NDOMHAIN**

## SCRÍOBH É

Scríobh gearrscéal nó litir nó dán; cuir dialann nó blag nó nuachtán nó iris le chéile.

## TAIFEAD É

Déan físeán ceoil nó scannán; cruthaigh nó bí i d'aisteoir ar script dráma; déan taifeadadh fuaime de scéal nó d'agallamh.

## TÓG GRIANGHRAF DE

Tóg grianghraif; cuir dialann ghrianghraf le chéile; bain úsáid as grianghraif chun codarsnachtaí a thaispeáint, chun féidearthachtaí a thaispeáint, agus chun taispeáint dúinn cad is féidir a dhéanamh.

## TARRAING, PÉINTEÁIL NÓ DÉAN É

Dear póstaer; péinteáil fríos balla nó colláis; tóg mionsamhail; cruthaigh cluiche boird; déan léarscáil nó leabhar tionscadail.

## CUIR CEIST FAOI

Déan agallamh; déan vox pop i do scoil, i d'ionad siopadóireachta áitiúil nó trí na meáin shóisialta; déan suirbhé le daoine faoina gceapann siad nó faoina bhfuil ar eolas acu faoi cheann amháin nó níos mó de na Spriocanna Domhanda nó faoi obair Chúnamh Éireann; eagraigh tráth na gceist i do scoil.

## CAN É

Scríobh amhrán; cum rap; cuir focail úra ar amhrán clúiteach.

D'fhéadfá féin nó do rang nó do ghrúpa plaic Ghradaim Chúnamh Éireann Ár nDomhan a bhaint amach ar son do scoile ag imeachtaí speisialta ar fud na tíre. Nó d'fhéadfá a bheith páirteach ag ár Searmanas Bronnta Babhta Deiridh Náisiúnta i mBaile Átha Cliath, trófaí a fháil ar son do scoile, agus a fháil amach cén scoil a n-éiríonn leo trófaí Ghradaim Chúnamh Éireann Ár nDomhan a bhuachan.

# IS É 23Ú MÁRTA 2018 AN SPRIOCDHÁTA

## ANOIS CHUGATSA...

Labhair le do mhúinteoir faoi chur isteach ar Ghradaim Chúnamh Éireann Ár nDomhan...
Bí ag tobsmaointeoireacht faoin tionscadal!

Is féidir le do mhúinteoir tuilleadh eolais a fháil ag **www.ourworldirishaidawards.ie**




Gabhann an tAire Stáit don Diaspóra agus d'Fhorbairt Idirnáisiúnta, Joe McHugh T.D., comhghairdeas le Buaiteoir Náisiúnta Ghradaim Chúnamh Éireann Ár nDomhan 2017, Scoil Náisiúnta Ghlór na Mara, Trá Mhór, Co. Phort Láirge



Daltaí ó Bhunscoil Chlochar Naomh Muire, An tAonach, Co. Thiobraid Árann. Scoileanna Nuathagtha is Fearr Ghradaim Chúnamh Éireann Ár nDomhan 2017

**FREAGRAÍ AN CHUARDAIGH FOCAIL (LEATHANACH 7):** **(1)** THOIR; **(2)** AN GORAILLE SLÉIBHE; **(3)** VÍTNEAM; **(4)** NÁDÚRTHA; **(5)** FIR; **(6)** SIARRA LEON; **(7)** CAOGA A CÚIG; **(8)** AN MHALÁIV; **(9)** CAILÍNÍ; **(10)** MÓSAIMBÍC; **(11)** TRIOMACH; **(12)** AN TSAIMBIA; **(13)** DLÍ; **(14)** EBOLA.




Éascaitheoir Ionad Chúnamh Éireann, Michael Chanda, le daltaí bunscoile ó ETNS i mBaile Brigín, agus iad i mbun ceardlainne sa bhliain 2017

# CEARDLANNA SAMHRAIDH DO BHUNSCOILEANNA AR AN mBIA AGUS AR AN bhFEIRMEOIREACHT SAN AFRAIC

## TÓG DO RANG CHUIG IONAD CHÚNAMH ÉIREANN, SRÁID CHLUAIN MEALA, BAILE ÁTHA CLIATH 2

**Do: RANGANNA 5 AGUS 6**

**CÉN UAIR: BEALTAINE & MEITHEAMH 2018**

**Tá na ceardlanna saor in aisce agus is éard a bhíonn iontu ná:**

Gníomhaíochtaí, cluichí agus ceol chun a fháil amach faoi na naisc atá idir ár saol agus saol daoine atá i dtíortha bochta.

Cloiseann daltaí scéalta faoi phobail feirmeoireachta san Afraic agus faoi na bealaí ar féidir le cothú na timpeallachta a bheith ina chabhrú maidir le saol daoine i dtíortha bochta a fheabhsú.

Baineann na ceardlanna seo le hOideachas Sóisialta, Comhshaoil, agus Eolaíochta (SESE), le hOideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (SPHE), agus leis Na hEalaíona (an Ceol go háirithe). Tá siad iontach rannpháirtíoch agus deartha ar bhealach go mbeidh siad chomh taitneamhach agus is féidir.

Maireann na ceardlanna 90 nóiméad, agus tosaíonn siad ar a 10.00 agus ar a 12.00 ón Luan go dtí an Aoine. Is gá beirt daoine fásta a bheith in éineacht le ranganna ina bhfuil 30 dalta, an múinteoir ina measc. Is gá an cheardlann a chur in áirithe roimh ré.

**Chun ceardlann a chur in áirithe nó chun ceist a chur, téigh i dteagmháil le:**
Ana Maria Barbu - 01 408 2832 nó IrishAidCentre@dfa.ie

**www.irishaid.ie**



Irish Aid
An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála
Department of Foreign Affairs and Trade

Ireland's commitment to a world without poverty and hunger